II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/556 ÓN gCOIMISIÚN

**an 31 Márta 2021**

**lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 agus (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha formheasa le haghaidh na substainte bunúsaí clóiríd sóidiam**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) i gcomhar le hAirteagal 23(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 ón gCoimisiún ([2]) formheasadh an tsubstaint ghníomhach clóiríd sóidiam mar shubstaint bhunúsach agus áiríodh í i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([3]). Bhunaigh an Coimisiún a chinneadh féin ar Thuarascáil Theicniúil a sholáthair an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") agus ar Thuarascáil Athbhreithnithe ([4])ar chuir an Coimisiún ar bun.

(2) Maidir le formheas na substainte bunúsaí clóiríd sóidiam, mar a leagtar amach i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, cuireadh srian leis ionas nárbh fhéidir í a úsáid ach mar fhungaicíd agus feithidicíd.

(3) I mí na Samhna 2017, agus ina dhiaidh sin nuair a tugadh cothrom le dáta é i mí Lúnasa 2018 agus i mí Iúil 2020, chuir an eagraíocht Collectif Anti-baccharis iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 23(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 inar iarradh go ndéanfaí úsáid clóiríde sóidiam mar luibhicíd a leathnú.

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2017 lena bhformheastar an tsubstaint bhunúsach clóiríd sóidiam i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 232, 8.9.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([4]) Tuarascáil Athbhreithnithe chríochnaitheach maidir leis an tsubstaint bhunúsach clóiríd sóidiam arna tabhairt chun críche ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha ag an gcruinniú a bhí aige an 20 Iúil 2017 agus arna leasú an 25 Eanáir 2021 i bhfianaise clóiríd sóidiam a fhormheas mar shubstaint bhunúsach i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009; SANTE/10383/2017– rev.2.

(4) D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") cúnamh eolaíoch a chur ar fáil dó. Ba é toradh an chomhairliúcháin sin, i bhfianaise chineál na substainte agus mhéid na hiarrata, nár ghá don Údarás measúnú eolaíoch nua a dhéanamh. D'ullmhaigh an Coimisiún tuarascáil athbhreithnithe nuashonraithe, lenar cuireadh san áireamh an tuarascáil theicniúil ón Údarás a bhí ann roimhe sin ([5]) agus an fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil.

(5) Chuir an Coimisiún an tuarascáil athbhreithnithe nuashonraithe agus an dréacht-Rialachán faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 25 Eanáir 2021.

(6) Tugadh deis don iarratasóir barúlacha a chur isteach maidir leis an tuarascáil athbhreithnithe nuashonraithe.

(7) Dealraíonn sé go bhféadfaí a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh clóiríd sóidiam na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 maidir lena húsáid mar luibhicíd mar a shonraítear sa tuarascáil athbhreithnithe nuashonraithe. Dá bhrí sin, ba cheart úsáid clóiríde sóidiam mar luibhicíd a cheadú. Thairis sin, ós rud é go bhfuil úsáid nua de chlóiríd sóidiam á ceadú, agus go bhfuil sé inghlactha leanúint de chead a thabhairt d'úsáidí a d'fhéadfaí a bhaint as clóiríd sóidiam dá dtagraítear sa tuarascáil athbhreithnithe nuashonraithe maidir le clóiríd sóidiam, is iomchuí an srian atá ann faoi láthair gan an tsubstaint a úsáid ach mar fhuingicíd agus feithidicíd a tharraingt siar.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, mar sin féin, coinníollacha áirithe maidir le húsáid na substainte gníomhaí a choinneáil ar bun.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 agus (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529**

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011**

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

([5]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2017. Tuarascáil theicniúil maidir le toradh an chomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le EFSA i ndáil leis an iarratas substainte bunúsaí le haghaidh salann (muir) (clóiríd sóidiam) a bhfuiltear lena úsáid mar fhuingicíd agus feithidicíd i gcosaint plandaí. Foilseachán tacaíochta EFSA 2017:EN-1172. 56pp.doi:10.2903/sp.efsa.2017.EN-1172.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1529, in ionad na hiontrála sa chúigiú colún "Forálacha sonracha" cuirtear an méid seo a leanas:

"Úsáidfear clóiríd sóidiam i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithnithe maidir le clóiríd sóidiam (SANTE/10383/2017) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di."

*IARSCRÍBHINN II*

I gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, in ionad na hiontrála sa séú colún "Forálacha sonracha" de shraith uimhir 16, clóiríd sóidiam, cuirtear an méid seo a leanas:

"Úsáidfear clóiríd sóidiam i gcomhréir leis na coinníollacha sonracha a áirítear i gconclúidí na tuarascála athbhreithnithe maidir le clóiríd sóidiam (SANTE/10383/2017) agus go háirithe Foscríbhinní I agus II di."